



PE Céim ar Aghaidh

TIONSCNAMH CLUICHÍ DE CHUID CLG

Snáithe: Cluichí

Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Ceacht: 12 Iománaíocht

Ionad:

Clós na Scoile/Halla

Trealamh:

Clogaid Iománaíochta, camáin, cóin, sliotair nó liathróidí leadóige

Ceacht
12
Iománaíocht

Snáithaonad: Seachadadh, glacadh agus gluaiseacht

Spriocanna Curaclaim:

- Forbairt ar scileanna druibleála agus buailte
- Bualadh agus ceansú na liathróide le páirtí

Snáithaonad: Cruthú agus Imirt Cluichí

Spriocanna Curaclaim:

- Cruthú agus Forbairt ar chluichí ina mbeirteanna
- Tabhairt faoi thargaid leis an liathróid
- Bualadh na liathróide chuig páirtí tríd an gcúl

Snáithaonad: Tuiscint agus Léirithuisint ar Chluichí

Spriocanna Curaclaim:

Comhrá & feabhas ar scileanna smachta gluaiseachta a bhaineann le cluichí
 Cur le tuiscint na ndaltaí maidir le úsáid spáis
 Forbairt ar straitéisí chun fadhbanna a réiteach, ar chinnteoireacht agus ar thuiscint ar na straitéisí agus ar na taicticí atá tábhachtach i gcluichí athraitheacha
 Daltaí ag dul i gcleachtadh ar chuntas a choinéil ar na scóranna agus rialacha a athrú

Nascáil:

Gleacaíocht–Snáithaonad: Gluaiseacht (Cothromaíocht)
Lúthchleasaíocht – Snáithaonad – Rith, Léim & Caitheamh

Ceap do Phleananna Ceachta Féin



Tuilleadh eolais www.learning.gaa.ie/planner/primary

Tagairtí

Curaclam na mBunscoileanna
Corpoideachas (1999)
Treoirlínte do Mhúinteoirí
Corpoideachais (1999)

Tionscnamh Spóirt na mBunscoileanna
<http://www.ppsds.ie/pcsparchive/pe/psi.clickme.html>

Fun Do GAA Learning Resource Pack (2007)





Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Marcáil greille leis na cóin
- Liathróid ag gach dalta



Eagrú

- Roinn an rang ina mbeirteanna. Bíodh aghaidh acu ar a chéile, tuairim 10 eatarthu,
- Liathróid ag gach beirt
- Leag dhá chón leath-slí idir na beirteanna




Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4

Gníomh 1 - Druibleáil i Seilbh

a) Imreoirí Aonaracha

- Coinníonn na daltaí smacht ar a liathróid féin agus iad á druibleáil feadh na greille agus ag an am céanna iad ag tabhairt iarrachtaí faoi liathróid imreora eile a chur amach as an ngreille trína bhrú nó smitín a thabhairt di.
- Nuair a cuirtear liathróid dalta amach as an ngreille, ní mór don dalta sin an greille a fhágáil freisin




b) Beirt Thaicleálaí

- Imir an cluiche agus liathróidí ag cúigear agus beirt ceaptha chun taicleála

Gníomh 2 - Bualadh i mBeirteanna: Cruinneas

- Ar a seal, buaileann gach dalta an liathróid, feadh na talún agus tríd na cón, chuig a bpáirtithe, a bhlocáileann an liathróid agus a bhuaileann ar ais í.
- Bainidís úsáid as an taobh ceannasach agus as an taobh neamhcheannasach ar a seal
- Ceadaítear scór as gach buille a théann idir na cón



Pointí Teagaisc

Ní ceadaithe na camáin a chur thar airde na nglúine

Ábhar díospóireachta ag daltaí:
Conas is fearr spás a chruthú chun seilbh na liathróide a choineáil

Pointí Teagaisc

- Ba chóir go mbeadh na daltaí ag breathnú ar an liathróid agus iad á bualadh
- Cuir béim ar chruinneas seachas ar neart
- Laghdaigh achar na gcúl de réir mar atá na daltaí ag feabhasú

- C Céard a tharlaíonn má chrochann tú do chloigeann agus tú ag bualadh na liathróide?
- F Cailleann tú amharc ar an liathróid

Snáithe: Cluichí

Eagrú

- Socraigh ceithre chúl, ceann ag gach cúinne den ghreille atá tuairim 20mx20m
- Ná bíodh na cúl níos mó ná 2m ar leithead
- Roinn an rang ina bhfoirne, ceathrar ar gach foireann



Eagrú


- Seasann na daltaí ar aghaidh a chéile ina mbeirteanna, 10m eatarthu agus cúl an duine acu, déanta as dhá chón
- Ceadaigh do na daltaí an greille a chur in oiriúint do chluiche 3x3



Leibhéal Ranga: Ranganna 3 & 4


Gníomh 3 – Cúil Ghailf

- Ar a seal, déanann na daltaí iarracht an liathróid a bualadh trí na cúl go léir agus comhaireann siad an líon buillí a glacadh ó thús go deireadh
- Glacann an chéad dalta an chéad bhuille, an dara dalta an dara ceann agus mar sin ar aghaidh
- Beidh an bua ag an bhfoireann ba lú a bhuail buillí



Gníomh 4 – Ó Chúl go Cúl

- 1v1**
 - Déanann gach dalta, ar a seal, iarracht buille a chur sa chúl thar a bpáirtí isteach
 - Ceadaigh pointe do gach cúl a scóráiltear leis an taobh cheannasach agus dhá phointe do gach cúl a scóráiltear leis an taobh neamhcheannasach
- 3v3**
 - Méadaigh líon na bhfoirne go dtí 3v3



Pointí Teagaisc

- Ba chóir go mbeadh na daltaí ag féachaint ar an liathróid agus iad á bualadh
- Cuir béim ar chruinneas seachas ar neart
- Laghdaigh méid na gcúl de réir mar atá na daltaí ag feabhasú

- C** Céard a tharlaíonn má chrochann tú do chloigeann agus tú ag bualadh na liathróide?
- F** Cailleann tú amharc ar an liathróid

Pointí Teagaisc

- Ba chóir go mbeadh na daltaí ag féachaint ar an liathróid agus iad á bualadh
- Cuir béim ar neart agus ar chruinneas
- Laghdaigh méid na gcúl de réir mar atá na daltaí ag feabhasú

